



COVID-19

TACAÍOCHT DO FBManna

An bhfuil deacracht ag do ghnólacht a chuid iasachtaí a aisíoc?

Má tá, labhair le d'iasachtóir faoi na deacrachtaí airgeadais sin a luaithe is féidir.

Is fearr dul i ngleic leis an bhfadhb go luath sa chaoi nach rachaidh cúrsaí in olcas.

Nuair a bheidh d'iasachtóir ag plé leat, ní mór dó cloí le Rialacháin Bhanc Ceannais na hÉireann maidir le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM).

Tá sé mar aidhm ag Rialacháin FBM cuidiú le do ghnólacht dul i ngleic go tapa agus go héifeachtach lena chuid deacrachtaí airgeadais agus é a chur ar an mbóthar ceart arís maidir lena oibleagáidí aisíocaíochta.

Ní mór do d'iasachtóir athbhreithniú láithreach a thairiscint duit a luaithe a labhróidh tú leis faoi aon deacrachtaí airgeadais reatha nó féideartha.

Le linn dó do chás a mheas, ní mór do d'iasachtóir cuidiú le do ghnólacht a chuid fadhbanna airgeadais a réiteach.

Mura dtairgfídh d'iasachtóir socrú malartach aisíocaíochta, ní mór dó an chúis atá leis sin a mhíniú i scríbhinn.

Tá an ceart agat achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin go díreach chuig d'iasachtóir agus - ag brath ar mhéid na hiasachta - chuig an Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa.

Ní bheidh feidhm ag roinnt mhaith de na cosaintí faoi Rialacháin FBM ach amháin i gcás ina mbeidh tú ag plé le d'iasachtóir.

Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go bhfanfaidh tú i dteagmháil rialta leo.

Tuilleadh eolais: [centralbank.ie/covid19-eolas](https://www.centralbank.ie/covid19-eolas)